*Déardaoin,* 8 *Nollaig,* 2005
*Thursday,* 8*th December,* 2005

10.30 a.m.

---

## ORD GNÓ
## ORDER OF BUSINESS

**15*a*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Díorma de na Buan-Óglaigh a chur chun bealaigh le bheith ar fiannas le Misean na Náisiún Aontaithe sa Libéir (UNMIL), a tharchur chuig Roghchoiste.
Motion *re* Referral to Select Committee of proposed approval by Dáil Éireann of the despatch of a Contingent of the Permanent Defence Force for service with the United Nations Mission in Liberia (UNMIL).

**15*b*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann do thogra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le nós imeachta faisnéise frithpháirteach a bhunú a bhaineann le bearta Ballstát i réimsí an tearmainn agus na hinimirce, a tharchur chuig Comhchoiste.
Motion *re* Referral to Joint Committee of proposed approval by Dáil Éireann of a proposal for a Council Decision on the establishment of a mutual information procedure concerning Members States' measures in the area of asylum and immigration.

**22*a*.** Tairiscintí Airgeadais ón Aire Airgeadais [2005] (*Tairiscint* 5, *atógáil*).
Financial Motions by the Minister for Finance [2005] (*Motion* 5, *resumed*).

## FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
## NOTICE OF NEW BUSINESS

**21*b*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann do thogra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le nós imeachta faisnéise frithpháirteach a bhunú a bhaineann le bearta Ballstát i réimsí an tearmainn agus na hinimirce.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of a proposal for a Council Decision on the establishment of a mutual information procedure concerning Members States' measures in the area of asylum and immigration.

P.T.O.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

**15*a*.** ‘‘Go ndéanfar an togra go gceadaíonn Dáil Éireann díorma de na Buan-Óglaigh a chur chun bealaigh, de bhun alt 2 den Acht Cosanta (Leasú) (Uimh. 2) 1960, arna chur chun feidhme leis an Acht Cosanta (Leasú) 1993, le bheith ar fiannas le Misean na Náisiún Aontaithe sa Libéir (UNMIL), a bunaíodh an 19 Meán Fómhair, 2003, faoi Rún 1509 (2003) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le linn dó a ról breise a chomhlíonadh:

(i) i ndáil le slándáil a sholáthar don Chúirt Speisialta do Shiarra Leon agus i ndáil le pearsanra míleata UNMIL agus oifigigh na Cúirte a aslonnú más gá agus nuair is gá i gcás géarchéime slándála tromaí a dhéanfaidh difear don phearsanra sin agus don Chúirt mar atá leagtha amach i Rún 1626 den Chomhairle Slándála an 19ú Meán Fómhair, 2005; agus

(ii) i ndáil leis an iar-Uachtarán Charles Taylor a ghabháil agus a choinneáil i gcás ina bhfillfidh sé ar an Libéir agus é a aistriú chuig Siarra Leon, nó a aistriú chuig Siarra Leon a éascú, lena ionchúiseamh os comhair na Cúirte Speisialta do Shiarra Leon agus i ndáil le Rialtas na Libéire, le Rialtas Shiarra Leon agus leis an gComhairle a choimeád ar an eolas go hiomlán mar atá leagtha amach i Rún 1638 de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 11ú Samhain, 2005,

a tharchur chuig an Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan, de réir mhír (1) d’Orduithe Tagartha an Choiste sin, agus go ndéanfaidh an Roghchoiste sin, tráth nach déanaí ná an 15 Nollaig, 2005, teachtaireacht a chur chuig an Dáil ar an modh a fhorordaítear i mBuan-Ordú 85, agus go mbeidh feidhm dá réir ag Buan-Ordú 84(2).

That the proposal that Dáil Éireann approve the despatch, pursuant to section 2 of the Defence (Amendment) (No. 2) Act 1960, as applied by the Defence (Amendment) Act 1993, of a contingent of the Permanent Defence Force for service with the United Nations Mission in Liberia (UNMIL), established on 19th September, 2003, under UN Security Council Resolution 1509 (2003) in carrying out its additional role in relation to:

(i) the provision of security for the Special Court for Sierra Leone and the evacuation if and when needed of UNMIL military personnel and officials of the Court in the event of a serious security crisis affecting those personnel and the Court as set out in Security Council Resolution 1626 of 19th September, 2005; and

(ii) the apprehension and detention of former President Charles Taylor in the event of a return to Liberia and the transfer of him or the facilitation of his transfer to Sierra Leone for prosecution before the Special Court for Sierra Leone and the keeping of the Liberian Government, the Sierra Leonean Government and the Council fully informed as set out in UN Security Council Resolution 1638 of 11th November, 2005,

be referred to the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women’s Rights, in accordance with paragraph (1) of the Orders of Reference of that Committee, which, not later than 15th December, 2005, shall send a message to the Dáil in the manner prescribed in Standing Order 85, and Standing Order 84(2) shall accordingly apply.’’

*— Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

---

**15*b*.** ‘‘Go ndéanfar an togra go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha, arna gcur ar fáil le hAirteagal 3 den cheathrú Prótacal atá leagtha amach i gConradh Amstardam, fógra a thabhairt d’Uachtarán na Comhairle

That the proposal that Dáil Éireann approve the exercise by the State of the option or discretion, provided by Article 3 of the fourth Protocol set out in the Treaty of Amsterdam, to notify the President of the Council that it wishes to take part in the

gur mian leis a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le nós imeachta faisnéise frithpháirteach a bhunú a bhaineann le bearta Ballstát i réimsí an tearmainn agus na hinimirce,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 14 Samhain, 2005, a tharchur chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan, de réir mhír (2) d'Orduithe Tagartha an Choiste sin, agus go ndéanfaidh an Coiste sin, tráth nach déanaí ná an 15 Nollaig, 2005, teachtaireacht a chur chuig an Dáil ar an modh a fhorordaítear i mBuan-Ordú 85, agus go mbeidh feidhm dá réir ag Buan-Ordú 84(2).

adoption and application of the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision on the establishment of a mutual information procedure concerning Member States' measures in the area of asylum and immigration,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 14th November, 2005, be referred to the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights, in accordance with paragraph (2) of the Orders of Reference of that Committee, which, not later that 15th December, 2005, shall send a message to the Dáil in the manner prescribed in Standing Order 85, and Standing Order 84(2) shall accordingly apply.''

— *Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh*.

---

**21*b*.** ''Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha, arna gcur ar fáil le hAirteagal 3 den cheathrú Prótacal atá leagtha amach i gConradh Amstardam, fógra a thabhairt d'Uachtarán na Comhairle gur mian leis a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le nós imeachta faisnéise frithpháirteach a bhunú a bhaineann le bearta Ballstát i réimsí an tearmainn agus na hinimirce,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 14 Samhain, 2005.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion, provided by Article 3 of the fourth Protocol set out in the Treaty of Amsterdam, to notify the President of the Council that it wishes to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision on the establishment of a mutual information procedure concerning Member States' measures in the area of asylum and immigration,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 14th November, 2005.''

— *An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**22*a*.** Tairiscintí Airgeadais ón Aire Airgeadais [2005] (*Tairiscint* 5, *atógáil*).
Financial Motions by the Minister for Finance [2005] (*Motion* 5, *resumed*).

---

## MEMORANDA

*Déardaoin,* 8 *Nollaig,* 2005
*Thursday,* 8*th December,* 2005

Cruinniú den Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 9.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights in Committee Room 3, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 11 a.m.

Meeting of the Joint Committee on European Affairs in Committee Room 2, LH2000, at 11 a.m.

---

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 11 a.m.

Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 11 a.m.

---

**Meastacháin (Oifig an Aire Oideachais agus Eolaíochta):**
**Estimates (Office of the Minister for Education and Science):**

Cruinniú den Roghchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 12 meán lae.

Meeting of the Select Committee on Education and Science in Committee Room 3, LH2000, at 12 noon.

---

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) An tOrdú um an Acht Luachála 2001 (Luacháil Uileghabhálach) (Cionroinnt) (Uiscebhealaí Éireann) 2005 (I.R. Uimh. 759 de 2005).

2) An tOrdú um an Acht Luachála 2001 (Luacháil Uileghabhálach) (Cionroinnt) (Iarnród Éireann) 2005 (I.R. Uimh. 758 de 2005).

*Statutory:*

1) Valuation Act 2001 (Global Valuation) (Apportionment) (Waterways Ireland) Order 2005 (S.I. No. 759 of 2005).

2) Valuation Act 2001 (Global Valuation) (Apportionment) (Iarnród Éireann) Order 2005 (S.I. No. 758 of 2005).

*Neamhreachtúil:*

1) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 13: COM(2003) 823 Críochnaitheach: Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1165/98 ón gComhairle a bhaineann le staidreamh gearrthréimhseach. Nollaig, 2005.

2) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 14: COM(2004) 57 Críochnaitheach: Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 maidir le Bunachas Eorpach d'Fheabhsú Dálaí Maireachtála agus Oibre a chruthú. Nollaig, 2005.

3) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 15: COM(2004) 96 Críochnaitheach: Togra le haghaidh Cinnidh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár ilbhliantúil Comhphobail chun ábhar digiteach

*Non-Statutory:*

1) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Enterprise and Small Business. EU Scrutiny Report No. 13: COM(2003) 823 Final: Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council amending Council Regulation (EC) No. 1165/98 concerning short-term statistics. December, 2005.

2) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Enterprise and Small Business. EU Scrutiny Report No. 14: COM(2004) 57 Final: Proposal for a Council Regulation amending Regulation (EEC) No. 1365/75 on the creation of a European Foundation for the Improvement of Living and Working Conditions. December, 2005.

3) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Enterprise and Small Business. EU Scrutiny Report No. 15: COM(2004) 96 Final: Proposal for a Decision of the European Parliament and of the Council establishing a multi-annual Community programme to make digital content in

san Eoraip a dhéanamh níos inrochtana, níos inúsáidte agus níos insaothraithe [agus] COM(2004) 367 Críochnaitheach: Togra Leasaithe le haghaidh Cinnidh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár ilbhliantúil Comhphobail chun ábhar digiteach san Eoraip a dhéanamh níos inrochtana, níos inúsáidte agus níos insaothraithe. Nollaig, 2005.

4) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 16: COM(2004) 177 Críochnaitheach: Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiniúchadh reachtúil ar chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite agus lena leasaítear Treoracha 78/660 CEE agus 83/349 CEE ón gComhairle. Nollaig, 2005.

5) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 17: COM(2004) 730 Críochnaitheach: Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 77/91/CEE ón gComhairle maidir le foirmiú cuideachtaí poiblí dliteanais theoranta agus maidir lena gcaipiteal a chothabháil agus a athrú. Nollaig, 2005.

6) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 18: COM(2004) 781 Críochnaitheach: Togra le haghaidh Cinnidh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2000/819/CE ón gComhairle ar chlár ilbhliantúil d'fhiontair agus d'fhiontraíocht, agus go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (2001-2005). Nollaig, 2005.

7) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 19: COM(2004) 847 Críochnaitheach: Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le críochnú Comhaontaithe idir Rialtas Phoblacht Shóisialach Vítneam agus an Comhphobal Eorpach maidir le rochtain mhargaidh. Nollaig, 2005.

Europe more accessible, usable and exploitable [and] COM(2004) 367 Final: Amended Proposal for a Decision of the European Parliament and of the Council establishing a multi-annual Community programme to make digital content in Europe more accessible, usable and exploitable. December, 2005.

4) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Enterprise and Small Business. EU Scrutiny Report No. 16: COM(2004) 177 Final: Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council on statutory audit of annual accounts and consolidated accounts and amending Council Directives 78/660 EEC and 83/349 EEC. December, 2005.

5) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Enterprise and Small Business. EU Scrutiny Report No. 17: COM(2004) 730 Final: Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council amending Council Directive 77/91/EEC, as regards the formation of public limited liability companies and the maintenance and alteration of their capital. December, 2005.

6) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Enterprise and Small Business. EU Scrutiny Report No. 18: COM(2004) 781 Final: Proposal for a Decision of the European Parliament and of the Council amending Council Decision 2000/819/EC on a multi-annual programme for enterprise and entrepreneurship, and in particular for small and medium sized enterprises (SME's) (2001-2005). December, 2005.

7) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Enterprise and Small Business. EU Scrutiny Report No. 19: COM(2004) 847 Final: Proposal for a Council Decision concerning the conclusion of an Agreement between the Government of the Socialist Republic of Vietnam and the European Community on market access. December, 2005.

---

Wt. 508. 556. 12/05. Cahill. (X48697). Gr. 30-15.